I gcás neamhréitigh idir na leaganacha teanga éagsúla, beidh forlámhas ag an leagan Béarla.

# An Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)

## Glao ar thograí

Líonraí Bailte

(CERV-2024-CITIZENS-TOWN-NT)

Leagan 1.0
23 Samhain 2023

| STAIR NA nATHRUITHE | | | |
|---|---|---|---|
| **Leagan** | **Dáta Foilsithe** | **Athrú** | **Leathanach** |
| 1.0 | 23.11.2023 | ▪ Leagan bunaidh (MFF 2023-2024) | |
| | | ▪ | |
| | | ▪ | |
| | | ▪ | |

AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)

EACEA.B - Cruthaitheacht, Saoránaigh, Luachanna AE agus Comhoibríochtaí
**EACEA.B.3 - Saoránaigh agus Luachanna AE**

# GLAO AR THOGRAÍ

## CLÁR NA nÁBHAR

0. Réamhrá ... 6
1. Cúlra ... 7
2. Cuspóirí — Téamaí agus tosaíochtaí — Gníomhaíochtaí ar féidir iad a mhaoiniú — An tionchar a bhfuiltear ag súil leis ... 8
  Cuspóirí ... 8
  Téamaí agus tosaíochtaí (raon feidhme) ... 8
  Gníomhaíochtaí ar féidir iad a mhaoiniú (raon feidhme) ... 9
  An tionchar ionchasach ... 9
3. An buiséad atá ar fáil ... 10
4. Tráthchlár agus spriocdhátaí ... 10
5. Inghlacthacht agus doiciméid ... 10
6. Incháilitheacht ... 12
  Rannpháirtithe incháilithe (tíortha incháilithe) ... 12
  Comhdhéanamh an chuibhreannais ... 13
  Gníomhaíochtaí incháilithe ... 14
  Suíomh geografach (spriocthíortha) ... 14
  Tréimhse ama ... 14
  Eitic agus luachanna an Aontais Eorpaigh ... 14
7. Acmhainn airgeadais agus oibríochtúil agus eisiamh ... 15
  Acmhainn airgeadais ... 15
  Acmhainn oibríochtúil ... 16
  Eisiamh ... 16
8. Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana ... 17
9. Critéir dhámhachtana ... 18
10. Leagan amach dlíthiúil agus airgeadais na gComhaontuithe Deontais ... 19
  Dáta tosaigh agus fad an tionscadail ... 19
  Garspriocanna agus táirgí insoláthartha ... 19
  An cineál deontais, an ráta maoinithe agus uasmhéid an deontais ... 20
  Catagóirí buiséid agus rialacha maidir le hincháilitheacht costas ... 20
  Socruithe tuairiscithe agus íocaíochta ... 20
  Ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe ... 21
  Deimhnithe ... 21
  Córas dliteanais i gcomhair aisghabhálacha ... 21

Forálacha maidir le cur chun feidhme an tionscadail ........ 22
Sainiúlachtaí eile ........ 22
Neamhchomhlíonadh agus sárú conartha ........ 22
11. Conas iarratas a chur isteach ........ 22
12. Cabhair ........ 23
13. Tábhachtach ........ 25

## 0. Réamhrá

Is glao ar thograí é seo ar **dheontais le haghaidh gníomhaíochta** AE i réimse rannpháirtíocht na Saoránach agus rannpháirtíocht faoin **gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (CERV)**. Tá an creat rialála don Chlár Maoinithe AE seo leagtha amach in:

- Rialachán 2018/1046 (Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh)
- an bunghníomh (Rialachán CERV 2021/692[1]).

Seoladh an glao i gcomhréir le Clár Oibre 2023-2024[2] agus déanfaidh an **Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)** ('an Ghníomhaireacht') é a bhainistiú.

Clúdaítear sa ghlao **an t-ábhar** seo a leanas:

- **CERV-2024-CITIZENS-TOWN-NT** — chun malartuithe a chur chun cinn idir saoránaigh tíortha éagsúla, go háirithe trí líonraí bailte.

⚠ Tabhair do d'aire go bhfuil an glao seo faoi réir ghlacadh deiridh an bhuiséid ag údarás buiséid an AE. Sa chás go bhfuil athruithe suntasacha i gceist, b'fhéidir go mbeadh orainn an glao a mhodhnú (nó é a chur ar ceal fiú).

Iarraimid ort **doiciméid an ghlao** a léamh go cruinn, agus go háirithe Doiciméad an Ghlao seo, an tSamhail-Chomhaontú Deontais, Lámhleabhar Ar Líne Thairseach Maoinithe & Tairiscintí an AE agus AGA Deontas an AE — Comhaontú Deontais Anótáilte.

Tá soiléiriú agus freagraí le fáil sna doiciméid seo ar cheisteanna a d'fhéadfadh a bheith agat le linn duit d'iarratas a ullmhú:

- leagtar amach i nDoiciméad an Ghlao:
  - cúlra, cuspóirí, raon feidhme, gníomhaíochtaí ar féidir iad a mhaoiniú na torthaí ionchais (cuid 1 agus cuid 2)
  - tráthchlár agus buiséad atá ar fáil (cuid 3 agus cuid 4)
  - inghlacthacht agus coinníollacha incháilitheachta (lena n-áirítear doiciméid éigeantacha; cuid 5 agus cuid 6)
  - critéir maidir le hacmhainn airgeadais agus oibríochtúil agus eisiamh (cuid 7)
  - nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana (cuid 8)
  - critéir dhámhachtana (cuid 9)
  - leagan amach dlíthiúil agus airgeadais na gComhaontuithe Deontais (cuid 10)
  - conas iarratas a chur isteach (cuid 11)

[1] Rialachán (AE) 2021/692 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear an Clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (IO L 156, 5.5.2021, lch. 1).

[2] Cinneadh Cur Chun Feidhme an Choimisiúin C(2022) 8588 final an 1 Nollaig 2022 maidir le maoiniú an Chláir um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna agus glacadh leis an gclár oibre le haghaidh 2023-2024

- déantar cur síos sa Lámhleabhar Ar Líne ar:
  - nósanna imeachta chun tograí a chlárú agus a chur isteach ar líne trí Thairseach Maoinithe & Tairiscintí an AE ('Tairseach')
  - moltaí maidir leis an iarratas a ullmhú
- cuimsítear san AGA – An Comhaontú Deontais Anótáilte:
  - nótaí mínithe mionsonraithe maidir leis na forálacha ar fad sa Chomhaontú Deontais a bheidh le síniú agat chun an deontas a fháil *(lena n-áirítear incháilitheacht costais, sceideal íocaíochta, oibleagáidí tánaisteacha, etc)*.

Moltar duit freisin féachaint ar leathanach gréasáin Thorthaí Thionscadal an Chláir CERV, ar shuíomh gréasáin Thorthaí Thionscadal an Chláir um Eoraip na Saoránach, ar leathanach gréasáin thorthaí an Chláir REC agus ar Fhoireann Uirlisí Daphne chun féachaint ar liosta na dtionscadal a fuair maoiniú roimhe seo.

## 1. Cúlra

Soláthraítear leis an gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna maoiniú le haghaidh rannpháirtíocht saoránach, comhionannas do chách agus cur chun feidhme ceart agus luachanna AE. Tugtar le chéile sa Chlár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (dá ngairfear 'an clár' anseo feasta) an clár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht[3] a bhí i bhfeidhm roimhe seo agus an clár um Eoraip na Saoránach a bhí i bhfeidhm roimhe seo[4].

Tacaíonn an clár le malartuithe idir daoine ó thíortha éagsúla, treisíonn sé comhthuiscint agus caoinfhulaingt agus tugann sé deis do dhaoine a bpeirspictíocht a leathnú agus muintearas agus féiniúlacht Eorpach a fhorbairt trí nascadh bailte agus trí líonraí bailte. Cé go mbaintear tairbhe as cur chuige ón mbun aníos, chomh maith leis sin soláthraíonn an clár deis, go háirithe do líonraí bailte, díriú ar thosaíochtaí AE. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, feabhas a chur ar eolas áitiúil maidir leis na cearta a eascraíonn as saoránacht AE nó eolas a fhorbairt agus dea-chleachtais a chomhroinnt maidir le tairbhí na héagsúlachta, lena n-áirítear saineolas maidir le hinscne agus trasnachas, chomh maith le bearta éifeachtacha maidir le conas dul i ngleic leis an idirdhealú agus leis an gciníochas ar an leibhéal áitiúil. Ina theannta sin, cuirfidh an clár oibre ar chumas bailte freisin saoránaigh agus pobail a thabhairt isteach i bpléití agus i ngníomhaíochtaí maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le fuinneamh, agus maidir le dlúthpháirtíocht agus imirce. Ar deireadh, le dámhachtain Phríomhchathracha Cuimsithe agus Éagsúlachta na hEorpa tabharfar aitheantas don ról atá ag cathracha agus ag údaráis áitiúla maidir le héagsúlacht, comhionannas inscne agus cuimsiú a chothú.

Tá sé mar aidhm leis an nGlao seo tacú leis na tionscnaimh bheartais seo a leanas: Plean gníomhaíochta um an daonlathas Eorpach[5], creat straitéiseach an AE maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach[6], plean gníomhaíochta frithchiníochais an AE, Straitéis um Chomhionannas LADTIA, Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020[7].

[3] Rialachán (AE) Uimh. 1381/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear an Clár um Chearta, Comhionannas agus Saoránacht don tréimhse idir 2014 agus 2020 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 62)

[4] Rialachán (AE) Uimh. 390/2014 ón gComhairle an 14 Aibreán 2014 lena mbunaítear clár 'Eoraip na Saoránach' don tréimhse 2014-2020 (IO L 115, 17.4.2014, lch. 3)

[5] An Plean Gníomhaíochta um an Daonlathas Eorpach

[6] Creat straitéiseach an AE maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach

[7] Tuarascáil ar Shaoránacht AE 2020

## 2. Cuspóirí — Téamaí agus tosaíochtaí — Gníomhaíochtaí ar féidir iad a mhaoiniú — An tionchar a bhfuiltear ag súil leis

*Cuspóirí*

- Chun malartuithe a chur chun cinn idir saoránaigh ó thíortha éagsúla chun comhthuiscint agus caoinfhulaingt a neartú agus deis a thabhairt dóibh a bpeirspictíocht a leathnú agus braistint de mhuintearas agus féiniúlacht Eorpach a fhorbairt;
- Chun cur ar chumas bailte saoránaigh agus pobail a thabhairt isteach i bpléití agus i ngníomhaíochtaí maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le fuinneamh, agus maidir le dlúthpháirtíocht agus imirce. Deis a thabhairt do shaoránaigh eolas a chur ar éagsúlacht chultúrtha an Aontais Eorpaigh agus a n-aird a tharraingt ar an bpointe gurb ionann luachanna agus oidhreacht chultúrtha na hEorpa agus bunchloch todhchaí choiteann;
- Comhar a spreagadh idir bardais agus malartú dea-chleachtas;
- Tacú le dea-rialachas áitiúil agus ról na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas lánpháirtíochta na hEorpa a threisiú.

Táthar ag súil go ndéanfaidh tionscadail Líonraí Bailte machnamh ar insint iomlánaíoch ar an Eoraip, tionscadail a bheidh dírithe ar shaoránaigh, a bheidh ag cur comhionannais chun cinn, a bheidh réamhbhreathnaitheach agus cuiditheach a bheadh níos rannpháirtí don ghlúin óg go háirithe. D’fhéadfaí tionscadail a bhunú ar thoradh comhairliúchán le saoránaigh agus d’fhéadfaidís a bheith mar bhonn le díospóireachtaí faoi bhealaí praiticiúla chun Aontas níos daonlathaí a chruthú, chun cur ar chumas saoránach nasc a chruthú le AE arís agus tuiscint níos láidre ar úinéireacht an tionscadail Eorpaigh a fhorbairt.

Ba cheart do Líonraí Bailte an deis a chur ar fáil do bhailte agus do bhardais a gcomhar agus a ndíospóireacht a dhoimhniú agus a threisiú san fhadtéarma, líonraí inbhuanaithe a fhorbairt agus a bhfís fhadtéarmach do thodhchaí na lánpháirtíochta Eorpaí a shonrú.

*Téamaí agus tosaíochtaí (raon feidhme)*

Trí thairbhe a bhaint as cur chuige ón mbun aníos, d’fhéadfaí díriú go sonrach ar na nithe seo a leanas:

- **Feasacht a chothú agus eolas a fhorbairt ar ról na mionlach**, amhail daoine a bhfuil cúlra mionlaigh agus ciníoch nó eitneach acu (mar shampla na Romaigh agus imircigh), i sochaí na hEorpa agus an méid a chuireann siad le forbairt chultúrtha na hEorpa;

- Bealaí a shainaithint chun **an ghné Eorpach agus dlisteanacht dhaonlathach phróiseas cinnteoireachta an AE a neartú tuilleadh** agus chun rialachas daonlathach atá saor, oscailte agus sláintiúil a chothú i ré ina bhfuil líon íseal daoine ag vótáil i dtoghcháin, ina bhfuil pobalachas, mífhaisnéis agus dúshláin roimh an tsochaí shibhialta, trí thacú le rannpháirtíocht ghníomhach na saoránach i saol polaitiúil na hEorpa agus i bhfeidhmiú a gceart toghcháin;

- **Saoránaigh a thabhairt le chéile chun gníomhaíochtaí áitiúla maidir leis an aeráid agus leis an gcomhshaol a phlé**, lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le fuinneamh, dlúthpháirtíocht agus comhroinnt dea-chleachtas, agus ar an gcaoi sin cuidiú le rannpháirtíocht na saoránach sa tsochaí a mhéadú agus, ar deireadh, lena rannpháirtíocht ghníomhach i saol daonlathach an Aontais a mhéadú.

Sa bhreis ar an bhfócas sonrach sin, d’fhéadfadh tionscadail Líonraí Bailte machnamh a dhéanamh ar bhonn níos ginearálta, ach ní go heisiach, ar aon tionchar a d’fhéadfadh a bheith ag paindéim COVID-19 ar an saol laistigh dá bpobail áitiúla, ar an gcaoi a bhfeidhmíonn a bpobail agus ar an dóigh a raibh rannpháirtíocht shibhialta agus dlúthpháirtíocht faoi ghéarchéim COVID-19 agus ar an gcaoi a bhféadfadh na dóigheanna sin a bheith inbhuanaithe amach anseo. D’fhéadfadh tionscadail spreagadh a fháil ón tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua nó a bheith bainteach leis.

*Gníomhaíochtaí ar féidir iad a mhaoiniú (raon feidhme)*

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas, i measc ceann eile, a bheith sna gníomhaíochtaí: ceardlanna, seimineáir, comhdhálacha, gníomhaíochtaí oiliúna, cruinnithe saineolaithe, seimineáir ghréasáin, gníomhaíochtaí múscailte feasachta, imeachtaí ard-infheictheachta, bailiú sonraí agus comhairliúchán, forbairt, malartuithe agus scaipeadh dea-chleachtas i measc údarás poiblí agus eagraíochtaí na sochaí sibhialta, forbairt uirlisí cumarsáide agus úsáid na meán sóisialta.

- Faoin mbeart seo, iarrtar ar bhardas nó ar réigiúin agus ar chomhlachais atá ag obair le chéile ó thaobh peirspictíochta fadtéarmacha de líonraí bailte a fhorbairt chun a gcomhoibriú a dhéanamh níos inbhuanaithe agus chun dea-chleachtas a mhalartú.

- Táthar ag súil go gcomhtháthóidh Líonraí Bailte raon gníomhaíochtaí timpeall ar ábhair chomhleasa a bhaineann le cuspóirí an chláir, chun go mbeidh baint ag baill den phobal atá gníomhach sa réimse ábhair agus chun díriú ar inbhuanaitheacht a bhaint amach.

Ba cheart dearcadh an chomhionannais inscne a chur san áireamh agus ‘formáid’ na ngníomhaíochtaí á dearadh, lena chinntiú go mbeidh sé inrochtana do mhná agus d’fhir ar théarmaí comhionanna, agus go mbeidh mná agus fir ábalta páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí.

Táthar ag súil le dearadh agus cur chun feidhme na dtionscadal go gcuirfear príomhshruthú comhionannais inscne agus neamh-idirdhealaithe chun cinn. Mar shampla, d’fhéadfadh iarratasóirí anailís inscní a dhéanamh agus í a chur ina dtogra, ina ndéanfaí tionchar difriúil féideartha an tionscadail agus a ghníomhaíochtaí ar mhná agus ar fhir chomh maith le cailíní agus buachaillí ina n-éagsúlacht go léir a mhapáil. Chuige sin, moltar d’iarratasóirí féachaint ar na príomhcheisteanna atá liostaithe ar shuíomh gréasáin EIGE agus a n-anailís inscne á déanamh acu. D’fhéadfadh an anailís sin cabhrú le haon éifeachtaí diúltacha neamhbheartaithe a bheadh ag an idirghabháil ar cheachtar den dá inscne a sheachaint. (cur chuige ‘gan dochar a dhéanamh’).[8]

Táthar ag súil go ndéanfaidh iarratasóirí a ngníomhaíochtaí cumarsáide agus scaipthe a cheapadh agus a chur chun feidhme ar bhealach atá íogair ó thaobh inscne de. Áirítear leis sin, go háirithe, úsáid teanga atá íogair ó thaobh inscne de. Is amhlaidh an cás maidir le gníomhaíochtaí faireacháin agus meastóireachta a cheapadh agus a chur chun feidhme. Tograí lena gcomhtháthófar peirspictíocht inscne ar fud a ngníomhaíochtaí uile, measfar gur ar chaighdeán níos airde a bheidh siad.

*An tionchar ionchasach*

- Deis do bhailte agus do bhardais tionscadail ar mhórscála a fhorbairt chun tionchar agus inbhuanaitheacht a dtionscadal a mhéadú;

[8] Le haghaidh tuilleadh faisnéise, féach an chuid *Eitic agus luachanna AE*

- An fhéidearthacht go ndéanfadh tairbhithe tionscadail níos téamaí agus tionscadail a bhaineann le beartas a fhorbairt;
- Rannpháirtíocht níos mó na saoránach sa tsochaí agus, ar deireadh, rannpháirtíocht níos gníomhaí na saoránach i saol daonlathach an Aontais;
- Naisc bhuana le heagraíochtaí comhpháirtíochta;
- Feasacht níos fearr ar thairbhí na héagsúlachta, an chomhionannais inscne agus dul i ngleic leis an idirdhealú agus leis an gciníochas;
- Comhthuiscint agus glacadh frithpháirteach i leith mionlach Eorpach, amhail na Romaigh, a mhéadú agus a spreagadh;
- Faisnéis níos fearr ar na cearta a bhronntar le saoránacht AE agus ar a gcur chun feidhme feabhsaithe sna Ballstáit.

## 3. An buiséad atá ar fáil

Is é **EUR 6 000 000** an buiséad atá ar fáil.

Braitheann infhaighteacht bhuiséad an ghlao fós ar ghlacadh le buiséad 2024 ag údarás buiséid an AE.

Forchoimeádaimid an ceart gan an ciste go léir atá ar fáil a dhámhachtain, ag brath ar na tograí a fhaightear agus ar thorthaí na meastóireachta.

## 4. Tráthchlár agus spriocdhátaí

| **Tráthchlár agus spriocdhátaí (táscach)** | |
|---|---|
| Oscailt an ghlao: | 14 Nollaig 2023 |
| Spriocdháta don iarratas: | 18 Aibreán 2024 – 17:00:00 Am Lár na hEorpa (An Bhruiséil) |
| Measúnú: | Bealtaine - Iúil 2024 |
| Faisnéis faoi thorthaí meastóireachta: | Deireadh Fómhair 2024 |
| Síniú GA: | Nollaig 2024 - Eanáir 2025 |

## 5. Inghlacthacht agus doiciméid

Ní mór tograí a chur isteach roimh **spriocdháta an ghlao** *(féach ar an tráthchlár i gcuid 4)*.

Ní mór tograí a chur isteach go **leictreonach** trí Chóras Leictreonach Aighneachta na Tairsí Maoinithe & Tairiscintí (ar fáil ar an leathanach Topaice sa rannóg [Cuardaigh Maoiniú & Tairiscintí](#)). NÍ FÉIDIR aighneachtaí a dhéanamh ar pháipéar.

Ní mór tograí (lena n-áirítear iarscríbhinní agus doiciméid tacaíochta) a chur isteach trí úsáid a bhaint as na foirmeacha a sholáthraítear *laistigh* den Chóras Aighneachta (⚠ NÍ na doiciméid atá ar fáil ar an leathanach Topaice — is le haghaidh faisnéise amháin iad sin).

Ní mór go mbeadh tograí **iomlán** agus go mbeadh an fhaisnéis go léir a iarradh agus na hiarscríbhinní éigeantacha ar fad iontu:

- Foirm Iarratais Cuid A — faisnéis riaracháin faoi na rannpháirtithe (comhordaitheoir, tairbhithe agus eintitis chleamhnaithe todhchaí) agus buiséad achoimrithe an tionscadail *(le líonadh isteach go díreach ar líne)*
- Foirm Iarratais Cuid B — cur síos teicniúil ar an tionscadal *(le híoslódáil ón gCóras Aighneachta Tairsí, le comhlánú agus le cur le chéile ansin agus le hath-uaslódáil)*
- I gCuid C tá sonraí breise tionscadail agus rannchuidiú an tionscadail le príomhtháscairí feidhmíochta chlár an AE *(le líonadh isteach go díreach ar líne)*

**iarscríbhinní éigeantacha** *(le huaslódáil)*

- Áireamhán cnapshuime

**doiciméid tacaíochta** *(le huaslódáil)*:

- liosta na dtionscadal a bhí ann roimhe seo (príomhthionscadail le 4 bliana anuas) (*tá an teimpléad ar fáil i gCuid B* Neamhbhainteach maidir le heagraíochtaí nuabhunaithe
- CVanna (caighdeánach) phríomhfhoireann an tionscadail: le haghaidh eagraíochtaí príobháideacha neamhbhrabúis amháin (faoi iarscríbhinní eile).
- tuarascálacha ar ghníomhaíochtaí anuraidh: le haghaidh eagraíochtaí príobháideacha neamhbhrabúis amháin. Neamhbhainteach maidir le heagraíochtaí nuabhunaithe (faoi iarscríbhinní eile).
- litir thacaíochta arna síniú ag an mBardas (a bhaineann le hiarratasóirí agus le comhpháirtithe faoin gcatagóir "Eagraíocht neamhbhrabúsach a dhéanann ionadaíocht ar údarás áitiúil"). Ní mór an doiciméad a chur ar fáil le linn chéim GAP ar a dhéanaí.
- maidir le haon rannpháirtí a chuireann gníomhaíochtaí i gcrích ina bhfuil leanaí páirteach (leanaí faoi 18 mbliana d'aois): ní mór d'eintitis phoiblí dearbhú ar onóir a shíniú agus a chur i gceangal (soláthrófar an teimpléad ar iarratas ag EACEA-CERV@ec.europa.eu); ní mór d'eintitis neamhbhrabúis phríobháideacha a mbeartas um chosaint leanaí a chur isteach lena gcumhdaítear na ceithre réimse a ndéantar cur síos orthu sna Caighdeáin um Chosaint Leanaí maidir le Leanaí a Choinneáil Sábháilte

Nuair a chuirtear an togra isteach, beidh ort a dheimhniú go bhfuil an **sainordú agat gníomhú** do gach iarratasóir. Ina theannta sin, beidh ort a dheimhniú go bhfuil an fhaisnéis san fhoirm iarratais ceart agus iomlán agus go gcomhlíonann na rannpháirtithe na coinníollacha chun maoiniú a fháil ó AE (go háirithe incháilitheacht, acmhainn airgeadais agus oibríochtúil, eisiamh, etc.). Sula síneofar an deontas, beidh ar gach tairbhí agus eintiteas cleamhnaithe é seo a dheimhniú arís trí dhearbhú onóra (DoH) a shíniú. Diúltófar do thograí nach bhfuil tacaíocht iomlán acu.

Ní mór go mbeadh d'iarratas **inléite, inrochtana agus inphriontáilte**.

Tá na tograí teoranta ag **70 leathanach** ar a mhéad (Cuid B). Ní bhreithneoidh meastóirí aon leathanaigh bhreise.

B'fhéidir go n-iarrfar ort ag céim níos déanaí tuilleadh doiciméad a chur ar fáil *(maidir le bailíochtú eintitis dhlítheanaigh, seiceáil acmhainn airgeadais, bailíochtú cuntas bainc, etc.)*.

Tá tuilleadh faisnéise faoin bpróiseas aighneachta (lena n-áirítear gnéithe TF), le fáil sa Lámhleabhar ar Líne.

## 6. Incháilitheacht

Ní mheasfar iarratais a bheith incháilithe ach amháin má fhreagraíonn a n-inneachar go hiomlán (nó go páirteach ar a laghad) leis an gcur síos ar an topaic ar cuireadh isteach iad ina leith.

### *Rannpháirtithe incháilithe (tíortha incháilithe)*

Chun bheith incháilithe, ní mór do na hiarratasóirí (na tairbhithe):

- a bheith ina n-eintitis dhlítheanacha (comhlachtaí poiblí nó príobháideacha)
- a bheith bunaithe i gceann de na tíortha incháilithe, i.e.:
  - Ballstáit AE (tíortha agus críocha thar lear san áireamh (OCTanna))
  - tíortha nach tíortha den Aontas Eorpach iad:
    - tíortha atá bainteach le Clár CERV (liosta na dtíortha rannpháirteacha)
- maidir leis na príomhiarratasóirí[9] agus na comhiarratasóirí, nó mór iad a bheith ina mbailte/mbardais neamhbhrabúsacha agus/nó ina leibhéil eile d'údaráis áitiúla nó dá gcoistí nasctha nó ina n-eagraíochtaí neamhbhrabúis eile a dhéanann ionadaíocht ar údaráis áitiúla.

Critéir incháilitheachta eile:

- Ní mór na gníomhaíochtaí a bheith ar bun in dhá thír dhifriúla ar a laghad atá incháilithe.
- Ní mór ceathrar iarratasóirí ar a laghad (an príomhiarratasóir (i.e. 'an comhordaitheoir') agus triúr comhiarratasóirí ar a laghad nach eintiteas cleamhnaithe nó comhpháirtí comhlachaithe iad) a bheith san iarratas ó cheithre thír incháilithe éagsúla ar a laghad, ar Ballstáit den AE dhá cheann díobh ar a laghad.

Ní mór do thairbhithe agus d'eintitis chleamhnaithe clárú sa Chlár Rannpháirtithe — sula gcuirtear an togra isteach — agus caithfidh an tSeirbhís Lárnach Bailíochta (Bailíochtú REA) iad a bhailíochtú. Maidir leis an mbailíochtú, iarrfar orthu doiciméid ina léirítear a stádas agus tionscnamh dlíthiúil a uaslódáil.

Féadfaidh eintitis eile a bheith rannpháirteach i róil chuibhreannais eile, amhail comhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí, tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil, etc. *(féach cuid 13)*.

[9] Is é an príomhiarratasóir "comhordaitheoir" an chuibhreannais.

*Cásanna sonracha*

Daoine nádúrtha — NÍL daoine nádúrtha incháilithe (seachas daoine féinfhostaithe, i.e. trádálaithe aonair, o gcás nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach ag an gcuideachta ar leithligh ó phearsantacht dhlítheanach an duine nádúrtha).

Eagraíochtaí idirnáisiúnta — Tá eagraíochtaí idirnáisiúnta incháilithe. Níl feidhm ag rialacha maidir le tíortha incháilithe i ndáil leo.

Eintitis gan phearsantacht dhlítheanach — Eintitis nach bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu faoina ndlí náisiúnta, féadfaidh siad páirt a ghlacadh go heisceachtúil, ar choinníoll go mbeidh an acmhainn ag a n-ionadaithe oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh ar a son, agus go dtairgeann siad ráthaíochtaí go ndéanfar leasanna airgeadais AE a chosaint, ar ráthaíochtaí iad atá coibhéiseach leis an gcosaint a thairgeann daoine dlítheanacha[10].

Comhlachtaí an Aontais Eorpaigh — NÍ féidir le comhlachtaí an Aontais Eorpaigh (seachas Airmheán Comhpháirteach Taighde an Choimisiúin Eorpaigh) a bheith páirteach sa chuibhreannas.

Comhlachais agus grúpálacha sainleasa — Féadfaidh eintitis atá comhdhéanta de chomhaltaí a bheith rannpháirteach mar 'thairbhithe aonair' nó mar 'thairbhí gan phearsantacht dhlítheanach'[11]. ⚠ Má chuireann na comhaltaí an ghníomhaíocht chun feidhme, ba cheart dóibh páirt a ghlacadh freisin (mar thairbhithe nó mar eintitis chleamhnaithe, nó NÍ bheidh a gcostais incháilithe mura ndéanfar amhlaidh).

Tíortha atá i mbun caibidlíochta faoi láthair maidir le comhaontuithe comhlachais — Féadfaidh tairbhithe ó thíortha a bhfuil caibidlíocht leanúnach acu maidir le rannpháirtíocht sa chlár (féach liosta na dtíortha rannpháirteacha thuas) páirt a ghlacadh sa ghlao agus féadfaidh siad deontais a shíniú má thugtar an chaibidlíocht i gcrích roimh shíniú an deontais agus má chlúdaíonn an comhlachas an glao (i.e. tá sé aisghníomhach agus clúdaíonn sé an chuid den chlár agus an bhliain inar seoladh an glao).

Bearta sriantacha AE — Tá feidhm ag rialacha speisialta maidir le heintitis áirithe (*e.g. eintitis atá faoi réir bheart sriantach AE faoi Airteagal 29 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (TEU) agus faoi Airteagal 215 den Chonradh ar Fheidhmiú an AE (TFEU)*[12]. Ní eintitis den sórt sin incháilithe chun páirt a ghlacadh in aon cháil, lena n-áirítear mar thairbhithe, mar eintitis chleamhnaithe, mar chomhpháirtithe comhlachaithe, mar fhochonraitheoirí nó mar fhaighteoirí tacaíochta airgeadais do thríú páirtithe (más ann dóibh).

ℹ Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, *féach ar na Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dlítheanach, Ceapachán LEAR agus Measúnú ar Acmhainn Airgeadais*.

*Comhdhéanamh an chuibhreannais*

Ní mór go mbeadh tograí á gcur isteach ag cuibhreannas ina bhfuil 4 iarratasóirí ar a laghad (tairbhithe), a bhfuil na coinníollacha seo a leanas á gcomhlíonadh aige:

– is ionann eintitis agus bailte/bardais agus/nó leibhéil eile údarás áitiúil, a gcoistí nasctha nó eagraíochtaí neamhbhrabúis eile a dhéanann ionadaíocht ar údaráis áitiúla; ní mór gur as 4 thír incháilithe éagsúla ar a laghad iad na heintitis, ar

[10] Féach Airteagal 197(2)(c) de Rialachán Airgeadais 2018/1046 an AE.

[11] Le haghaidh na sainmhínithe, féach Airteagal 187(2) agus Airteagal 197(2)(c) de Rialachán Airgeadais 2018/1046 an AE.

[12] Tabhair do d'aire, le do thoil, go bhfuil an liosta oifigiúil le fáil in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus, i gcás díospóide, go bhfuil an t-ábhar atá ann i réim ar Léarscáil Smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh.

Ballstáit AE dhá cheann díobh ar a laghad.

*Gníomhaíochtaí incháilithe*

Is iad na gníomhaíochtaí incháilithe na gníomhaíochtaí atá sonraithe i gcuid 2 thuas.

Ba cheart go gcuirfí san áireamh sna tionscadail torthaí na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht ó chláir mhaoinithe eile de chuid an Aontais. Ní mór na comhlántachtaí a thuairisciú sna tograí tionscadail (Cuid B den Fhoirm Iarratais).

Ní mór go mbeadh tionscadail cloí le leasanna agus tosaíochtaí beartais an AE *(amhail beartas comhshaoil, sóisialta, slándála, tionsclaíoch agus trádála, etc.)*.

Ní cheadaítear tacaíocht airgeadais a thabhairt do thríú páirtithe.

*Suíomh geografach (spriocthíortha)*

Ní mór go mbainfeadh tograí le gníomhaíochtaí atá ar siúl sna tíortha incháilithe *(féach thuas)*.

*Tréimhse ama*

Ba cheart go mbeadh tréimhse idir 12 mhí agus 24 mí i gceist (is féidir síneadh a chur leo, má tá údar cuí leis agus trí leasú).

*Eitic agus luachanna an Aontais Eorpaigh*

Ní mór do thionscadail cloí leis na nithe seo a leanas:

- na caighdeáin eiticiúla is airde
- luachanna AE bunaithe ar Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus
- dlí AE, idirnáisiúnta agus náisiúnta eile is infheidhme (lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2016/679).

Ní mór do thionscadail iarracht a dhéanamh comhionannas inscne agus príomhshruthú neamh-idirdhealaithe a chur chun cinn i gcomhréir leis an tSraith Straitéisí Príomhshruthaithe Inscne. Ba cheart go gcuirfeadh gníomhaíochtaí an tionscadail le cumhachtú comhionann na mban agus na bhfear ina n-éagsúlacht ar fad, lena n-áiritheofar go mbainfidh siad barr a gcumais amach agus go mbainfidh siad leas as na cearta céanna (féach *Ionstraimí príomhshruthaithe neamh-idirdhealaithe, cás-staidéir agus bealaí chun cinn*). Ba cheart go mbeadh iarracht á déanamh freisin na leibhéil idirdhealaithe a mbíonn ar ghrúpaí ar leith déileáil leo a laghdú (mar aon leo siúd atá i mbaol il-idirdhealaithe) agus torthaí comhionannais a fheabhsú do dhaoine aonair[13]. Ba cheart breithnithe inscne agus neamh-idirdhealaithe a chomhtháthú sna tograí agus ba cheart díriú ar ionadaíocht atá cothrom ó thaobh inscne de i bhfoirne agus i ngníomhaíochtaí tionscadail. Tá sé tábhachtach freisin go ndéanfar sonraí aonair arna mbailiú ag na tairbhithe a mhiondealú de réir inscne (*sonraí gnéas-imdhealaithe*), de réir míchumais nó de réir aoise nuair is féidir.

Ní mór d’iarratasóirí a léiriú ina n-iarratas go bhfuil prionsabail eiticiúla agus luachanna AE bunaithe ar Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus ar Airteagal 21 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh á n-urramú acu.

Thairis sin, ní mór do rannpháirtithe neamhbhrabúis príobháideacha a bhfuil gníomhaíochtaí acu ina bhfuil leanaí páirteach beartas um chosaint leanaí a bheith acu

[13] Príomhshruthú neamh-idirdhealaithe – ionstraimí, cás-staidéir agus an bealach chun cinn

a chlúdaíonn na ceithre réimse a ndéantar cur síos orthu sna Caighdeáin um Chosaint Leanaí maidir le Leanaí a Choinneáil Sábháilte. Ní mór go mbeadh an beartas seo a bheith ar fáil ar líne agus trédhearcach do gach duine a bhíonn i dteagmháil leis an eagraíocht. Ní mór faisnéis shoiléir a sholáthar faoi earcú comhaltaí foirne (lena n-áirítear oiliúnaithe agus oibrithe deonacha) agus ní mór seiceálacha cúlra (grinnfhiosrúchán) a chur san áireamh freisin. Ní mór nósanna imeachta soiléire agus rialacha don fhoireann a chur san áireamh, lena n-áirítear rialacha maidir le tuairisciú, agus oiliúint leanúnach. Ní mór d’eagraíochtaí poiblí dearbhú onóra a shíniú maidir le ceanglais um chosaint leanaí (tá an teimpléad ar fáil sa chóras Aighneachta).

## 7. Acmhainn airgeadais agus oibríochtúil agus eisiamh

*Acmhainn airgeadais*

Ní mór d’iarratasóirí **acmhainní cobhsaí agus leordhóthanacha** a bheith acu chun na tionscadail a chur i bhfeidhm go rathúil agus chun a gcion féin a dhéanamh. Ní mór acmhainn leordhóthanach a bheith ag eagraíochtaí atá rannpháirteach i roinnt tionscadal chun na tionscadail sin go léir a chur chun feidhme.

Déanfar an tseiceáil ar an acmhainn airgeadais ar bhonn na ndoiciméad a iarrfar ort a uaslódáil chuig an gClár Rannpháirtithe le linn ullmhú an deontais (*e.g. cuntas brabúis agus caillteanais agus clár comhardaithe, plean gnó, tuarascáil iniúchóireachta atá curtha i dtoll a chéile ag iniúchóir seachtrach formheasta, ina ndeimhnítear na cuntais don bhliain airgeadais deiridh a dúnadh, etc*). Beidh an anailís bunaithe ar tháscairí airgeadais neodracha, ach cuirfear gnéithe eile san áireamh freisin, amhail spleáchas ar mhaoiniú AE agus easnamh agus ioncam i rith na mblianta roimhe sin.

Déanfar an tseiceáil de ghnáth i ndáil leis na tairbhithe uile, ach amháin:

- comhlachtaí poiblí (eintitis a bunaíodh mar chomhlacht poiblí faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear údaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta) nó eagraíochtaí idirnáisiúnta

- más rud é nach bhfuil méid an deontais iarrtha cothrom le níos mó ná EUR 60 000.

Más gá, féadfar é a dhéanamh le haghaidh eintitis chleamhnaithe freisin.

Má shílimid nach bhfuil d’acmhainn airgeadais sásúil, is féidir linn an méid seo a leanas a cheangal:

- tuilleadh faisnéise

- córas freagrachta airgeadais feabhsaithe, i.e. freagracht chomhpháirteach agus leithleach do gach tairbhí nó dliteanas comhpháirteach agus leithleach eintiteas cleamhnaithe *(féach thíos, cuid 10)*

- réamh-mhaoiniú a íoctar i dtráthchodanna

- ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe (ceann amháin nó níos mó) *(féach thíos, cuid 10)*

nó

- gan réamh-mhaoiniú a mholadh

- a iarraidh go dtagann duine éigin i d’áit nó, más gá, diúltú don togra ina iomláine.

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, *féach ar na Rialacha maidir le Bailíochtú Eintiteas Dlítheanach, Ceapachán LEAR agus Measúnú ar Acmhainn Airgeadais*.

### *Acmhainn oibríochtúil*

Ní mór d'iarratasóirí an **fios gnó, na cáilíochtaí** agus na **hacmhainní** a bheith acu chun na tionscadail a chur chun feidhme go rathúil agus chun a gcion féin a dhéanamh (lena n-áirítear taithí leordhóthanach ar thionscadail de mhéid agus de chineál inchomparáide).

Déanfar an acmhainn sin a mheasúnú in éineacht leis an gcritéar dámhachtana 'Cáilíochta', ar bhonn inniúlacht agus thaithí na n-iarratasóirí agus a bhfoirne tionscadail, lena n-áirítear acmhainní oibríochtúla (acmhainní daonna, teicniúla agus eile) nó, go heisceachtúil, na bearta a mholtar chun í a chur chun feidhme faoin am a chuirfear tús le cur chun feidhme an taisc.

Má tá an mheastóireacht a dhéantar ar an gcritéar dámhachtana dearfach, meastar go bhfuil acmhainn oibríochtúil leordhóthanach ag na hiarratasóirí.

Beidh ar iarratasóirí a n-acmhainn a léiriú tríd an bhfaisnéis seo a leanas a sholáthar:

- próifílí ginearálta (cáilíochtaí agus taithí) na gcomhaltaí foirne atá freagrach as an tionscadal a bhainistiú agus a chur chun feidhme
- tuairisc ar rannpháirtithe an chuibhreannais
- liosta na dtionscadal a bhí ann roimhe seo (príomhthionscadail le 4 bliana anuas) (neamhbhainteach maidir le heagraíochtaí nuabhunaithe)

Féadfar doiciméid tacaíochta bhreise a iarraidh, más gá, chun acmhainn oibríochtúil aon iarratasóra a dheimhniú.

Tá comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí de chuid na mBallstát agus eagraíochtaí idirnáisiúnta díolmhaithe ón tseiceáil ar acmhainn oibríochtúil.

### *Eisiamh*

NÍ féidir le hiarratasóirí atá faoi réir **chinneadh AE maidir le heisiamh** nó atá i gceann de na **cásanna eisiaimh** seo a leanas a chuireann bac orthu maoiniú a fháil ón Aontas Eorpach páirt a ghlacadh[14]:

- féimheacht, foirceannadh, gnóthaí arna riar ag na cúirteanna, comhshocrú le creidiúnaithe, gníomhaíochtaí gnó fionraithe nó nósanna imeachta eile dá samhail (lena n-áirítear nósanna imeachta do dhaoine a bhfuil dliteanas neamhtheoranta orthu i leith fhiacha an iarratasóra)
- ag sárú oibleagáidí slándála sóisialta nó oibleagáidí cánach (lena n-áirítear arna dhéanamh ag daoine a bhfuil dliteanas neamhtheoranta orthu i leith fhiacha an iarratasóra)
- ciontach i mí-iompar gairmiúil tromchúiseach[15] (lena n-áirítear arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)

[14] Féach ar Airteagal 136 agus ar Airteagal 141 de Rialachán Airgeadais 2018/1046 an AE.

[15] Áirítear an méid seo a leanas i mí-iompar gairmiúil: sárú ar chaighdeáin eiticiúla na gairme, iompar éagórach a bhfuil tionchar aige ar inchreidteacht ghairmiúil, dearbhuithe bréagacha/míléiriú bréagach faisnéise, rannpháirtíocht i gcairtéal nó i gcomhaontú eile a shaobhann iomaíocht, sárú CMI, iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar phróisis chinnteoireachta nó faisnéis rúnda a fháil ó údaráis phoiblí chun buntáiste a fháil.

- a rinne calaois, éilliú, naisc le heagraíocht choiriúil, sciúradh airgid, coireanna a bhaineann leis an sceimhlitheoireacht (lena n-áirítear maoiniú sceimhlitheoireachta), saothar leanaí nó gáinneáil ar dhaoine (lena n-áirítear arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- a léirigh easnaimh shuntasacha maidir le príomhoibleagáidí a chomhlíonadh faoi chonradh soláthair AE, comhaontú deontais, duais, sainchonradh, nó a leithéid (lena n-áirítear arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- atá ciontach i neamhrialtachtaí de réir bhrí Airteagal 1(2) de Rialachán Uimh. 2988/95 (lena n-áirítear arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)
- a cruthaíodh faoi dhlínse dhifriúil agus é mar aidhm aige dul timpeall ar oibleagáidí fioscacha, sóisialta nó dlíthiúla eile sa tír thionscnaimh nó eintiteas eile a chruthú chun na críche sin (lena n-áirítear arna dhéanamh ag daoine a bhfuil cumhachtaí ionadaíochta, cinnteoireachta nó rialaithe acu, úinéirí tairbhiúla nó daoine atá bunriachtanach chun an deontas a dhámhachtain/a chur chun feidhme)

Diúltófar d'iarratasóirí freisin má tharlaíonn an méid seo a leanas[16]:

- le linn an nós imeachta dámhachtana gur thug siad bréagléiriú ar fhaisnéis a bhí ag teastáil mar choinníoll le páirt a ghlacadh nó nár chuir siad an fhaisnéis sin ar fáil
- bhí baint acu roimhe seo le hullmhú an ghlao agus cuimsítear anseo saobhadh iomaíochta nach féidir a leigheas ar shlí eile (coinbhleacht leasa).

## 8. Nós imeachta meastóireachta agus dámhachtana

Beidh ar na tograí cloí leis an **nós imeachta caighdeánach maidir le cur isteach agus meastóireacht** (céim amháin a bhaineann le cur isteach + céim amháin a bhaineann le meastóireacht)

Déanfaidh **coiste meastóireachta** (le cúnamh ó shaineolaithe seachtracha neamhspleácha) measúnú ar gach iarratas. Seiceálfar tograí ar dtús maidir le ceanglais fhoirmiúla (inghlacthacht agus incháilitheacht, *féach codanna 5 agus cuid 6*). Déanfar tograí a mheastar atá inghlactha agus incháilithe a mheas i gcomparáid leis an acmhainn oibríochtúil agus leis na critéir dhámhachtana *(féach codanna 7 agus cuid 9)* agus ansin rangófar iad de réir a scór.

I gcás tograí a bhfuil an scór céanna acu (laistigh de chlúdach topaice nó buiséid), cinnfear **ordú tosaíochta** de réir an chur chuige seo a leanas:

I ndiaidh a chéile i gcás gach grúpa tograí *ex aequo*, ag tosú leis an ngrúpa leis an scór is airde, agus ag leanúint ar aghaidh in ord íslitheach:

1) Tabharfar tús áite do na tograí ex aequo laistigh den topaic chéanna de réir na scór a bronnadh orthu don chritéar dámhachtana 'Ábharthacht'. Nuair a bheidh na scóir sin comhionann, bunófar tosaíocht dá scóir ar an gcritéar 'Cáilíocht'.

[16] Féach ar Airteagal 141 de Rialachán Airgeadais 2018/1046 an AE.

Nuair a bheidh na scóir sin comhionann, bunófar tosaíocht dá scóir ar an gcritéar 'Tionchar'.

Cuirfear gach togra ar an eolas faoi thoradh na meastóireachta (**litir thoradh na meastóireachta**). Iarrfar ar thograí rathúla deontas a ullmhú; áireofar na cinn eile ar an liosta ionadaithe nó diúltófar dóibh.

Gan aon ghealltanas maidir le maoiniú — NÍ hIONANN cuireadh chun deontas a ullmhú agus gealltanas foirmiúil maidir le maoiniú. Beidh orainn seiceálacha dlíthiúla éagsúla a dhéanamh fós roimh dhámhachtain an deontais: *bailíochtú eintitis dhlítheanach, acmhainn airgeadais, seiceáil eisiaimh, etc*.

Mar chuid **d'ullmhúchán deontais**, beidh idirphlé ann chun mionchoigeartú a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla nó airgeadais an tionscadail agus d'fhéadfadh go mbeadh faisnéis bhreise ag teastáil uait. D'fhéadfadh go mbeadh coigeartuithe san áireamh freisin ar an togra déileáil le moltaí an choiste meastóireachta nó le hábhair imní eile. Beidh comhlíonadh ina réamhchoinníoll chun an deontas a shíniú.

Má chreideann tú go raibh locht ar an nós imeachta meastóireachta, féadfaidh tú **gearán** a chur isteach (de réir na spriocdhátaí agus na nósanna imeachta atá sonraithe i litir thoradh na meastóireachta). Tabhair do d'aire go meastar go bhfuarthas rochtain ar fhógraí nár osclaíodh laistigh de 10 lá tar éis iad a sheoladh agus go gcomhairfear spriocdhátaí ón uair oscailte/rochtana *(féach freisin ar Théarmaí agus Coinníollacha na Tairsí Maoinithe & Tairiscintí)*. Tabhair do d'aire freisin, i gcás gearán a chuirtear isteach go leictreonach, go bhféadfadh teorainneacha carachtair a bheith i gceist.

## 9. Critéir dhámhachtana

Is iad seo a leanas na **critéir dhámhachtana** don ghlao seo:

- **Ábharthacht:** a mhéid atá an togra ag teacht le tosaíochtaí agus cuspóirí an ghlao; riachtanais atá sainithe go soiléir agus measúnú láidir ar riachtanais; spriocghrúpa atá sainithe go soiléir, agus gné na hinscne á cur san áireamh go hiomchuí; cur le comhthéacs straitéiseach agus reachtach an AE; gné Eorpach/thrasnáisiúnta; tionchar/leas do roinnt tíortha (tíortha AE nó tíortha incháilithe neamh-AE); an fhéidearthacht na torthaí a úsáid i dtíortha eile (a d'fhéadfadh dea-chleachtais a aistriú); an acmhainn iontaoibh fhrithpháirteach/comhar trasteorann a fhorbairt. (40 pointe)

- **Caighdeán:** soiléireacht agus comhsheasmhacht an tionscadail; naisc loighciúla idir na fadhbanna sainaitheanta, na riachtanais agus na réitigh atá molta (coincheap an chreata loighciúil); an mhodheolaíocht chun an tionscadal a chur chun feidhme agus gné na hinscne a chur san áireamh mar is iomchuí (eagrú na hoibre, tráthchlár, leithdháileadh acmhainní agus dáileadh cúraimí idir comhpháirtithe, rioscaí & bainistiú riosca, faireachán agus meastóireacht); déileáiltear le saincheisteanna eiticiúla; indéantacht an tionscadail laistigh den achar ama beartaithe; buntograí agus tograí nuálacha. (40 pointe)

- **Tionchar:** uaillmhian agus tionchar fadtéarmach ionchasach na dtorthaí ar spriocghrúpaí/ar an bpobal i gcoitinne; tá an tionchar intuartha, go háirithe do na spriocghrúpaí sainaitheanta, sainithe go soiléir agus tá bearta i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir an tionchar a bhaint amach agus a mheas. Tá an cumas ag aschuir an tionscadail tacú le hathruithe, feabhsuithe nó forbairtí fadtéarmacha ar mhaithe leis na spriocghrúpaí lena mbaineann; infheictheacht Chlár CERV agus thacaíocht ón AE a ráthú; straitéis iomchuí scaipthe chun inbhuanaitheacht agus tionchar fadtéarmach a áirithiú; an poitéinseal maidir le tionchar iolraitheora dearfach a bheith ann; inbhuanaitheacht na dtorthaí tar éis dheireadh le maoiniú ón AE. (20 pointe)

| **Critéir dhámhachtana** | **Pas-scór íosta** | **Uas-scór** |
|---|---|---|
| Relevance | 25 | 40 |
| Caighdeán – Dearadh agus cur chun feidhme an tionscadail | neamhbhainteach | 40 |
| Tionchar | neamhbhainteach | 20 |
| **Scóir (pas) fhoriomlána** | **70** | **100** |

Uasphointí: 100 pointe.

Tairseach aonair don chritéar 'Ábharthacht': 25/40 pointe.

Tairseach fhoriomlán: 70 pointe.

Déanfar tograí a sháraíonn an tairseach aonair don chritéar 'Ábharthacht' AGUS an tairseach fhoriomlán a mheas le haghaidh maoinithe — laistigh de theorainneacha bhuiséid an ghlao. Diúltófar do thograí eile.

## 10. Leagan amach dlíthiúil agus airgeadais na gComhaontuithe Deontais

Má éiríonn leat sa mheastóireacht, tabharfar cuireadh do do thionscadal deontas a ullmhú, agus iarrfar ort an Comhaontú Deontais a ullmhú in éineacht le hOifigeach Tionscadal AE.

Is é an Comhaontú Deontais seo a shocróidh an creat le haghaidh do dheontais agus na téarmaí agus coinníollacha, go háirithe maidir le táirgí insoláthartha, tuairisciú agus íocaíochtaí.

Is féidir teacht ar an tSamhail-Chomhaontú Deontais a úsáidfear (agus gach teimpléad agus doiciméad treorach ábhartha eile) ar Thairseach na nDoiciméad Tagartha.

*Dáta tosaigh agus fad an tionscadail*

Sonrófar dáta tosaigh agus fad an tionscadail sa Chomhaontú Deontais *(Bileog Sonraí, pointe 1)*. De ghnáth, tiocfaidh an dáta tosaigh tar éis shíniú an deontais agus ar a dhéanaí laistigh de 6 mhí tar éis shíniú an deontais. Is féidir dáta tosaigh cúlghabhálach a dheonú go heisceachtúil más ann do chúiseanna a bhfuil údar cuí leo — ach ní cheadófar a leithéid riamh roimh an dáta a chuirtear an togra isteach.

Fad an tionscadail: *féach cuid 6 thuas*.

*Garspriocanna agus táirgí insoláthartha*

Déanfar garspriocanna agus táirgí insoláthartha le haghaidh gach tionscadal a bhainistiú trí Chóras Bainistíochta Deontais na Tairsí agus beidh sonraí ina leith le fáil in Iarscríbhinn 1 den Chomhaontú Deontais.

Ní mór na gníomhaíochtaí tionscadail a eagrú mar phacáiste oibre/phacáistí oibre. Tá tuilleadh faisnéise le fáil ar leathanach na gCeisteanna Coitianta.

Ní mór an Bhileog um Chur Síos ar an Imeacht in aghaidh an imeachta (doiciméad éigeantach) a chur san áireamh i dtáirgí insoláthartha na bpacáistí oibre. Ní mór na Bileoga um Chur Síos ar an Imeacht a fhoilsiú ar leathanach gréasáin an bhardais/an chomhordaitheora maidir leis na tionscadail roghnaithe, agus d'fhéadfaí a áireamh leo freisin cláir oibre nó miontuairiscí cruinnithe, tuarascálacha meastóireachta agus/nó tuarascálacha rialaithe cáilíochta, sraith táscairí chun measúnú a dhéanamh ar

ghníomhaíochtaí agus ar a dtionchar, tuarascálacha coincheapa/pleanála, bróisiúir, moltaí, agus doiciméid straitéiseacha eile ina bhfuil conclúidí na ngníomhaíochtaí.

*An cineál deontais, an ráta maoinithe agus uasmhéid an deontais*

Socrófar paraiméadair an deontais *(uasmhéid deontais, ráta maoinithe, costais incháilithe iomlána, etc.)* sa Chomhaontú Deontais *(Bileog Sonraí, pointe 3 agus airt. 5)*.

Buiséad an tionscadail (uasmhéid deontais): gan teorainn. D'fhéadfadh sé go mbeadh an deontas a dhámhfar níos ísle ná an méid a iarradh.

Deontas cnapshuime a bheidh sa deontas. Ciallaíonn sé sin go n-aisíocfar suim sheasta, bunaithe ar chnapshuim nó ar mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais. Socróidh an t-údarás dámhachtana an méid ar bhonn na méideanna athraitheacha atá réamhshocraithe agus ar bhonn na meastachán atá curtha in iúl ag na tairbhithe ina mbuiséad tionscadail[17].

*Catagóirí buiséid agus rialacha maidir le hincháilitheacht costas*

Tá na catagóirí buiséid agus na rialacha maidir le hincháilitheacht costas sonraithe sa Chomhaontú Deontais *(Bileog Sonraí, pointe 3, Airt. 6 agus Iarscríbhinn 2)*..

*Catagóirí buiséid don ghlao seo:*

- **Ranníocaíochtaí cnapshuime[18]**

Tá ríomh na cnapshuime bunaithe ar dhá pharaiméadar: líon iomlán na rannpháirtithe díreacha (áitiúil agus neamhnáisiúnta) agus líon na dtíortha incháilithe le haghaidh an imeachta (in situ nó ar líne).

Tarlaíonn imeacht laistigh de thréimhse ama shainithe agus d'fhéadfaí cineálacha éagsúla gníomhaíochtaí a bheith san áireamh (comhdhálacha, ceardlanna, oiliúint, seimineáir, díospóireachtaí, seimineáir ghréasáin, taispeántais, léirithe/déanamh scannán, feachtais, foilseacháin, suirbhéanna, taighde, tobshluaite, etc.) atá nasctha le gníomhaíocht a bhailíonn spriocghrúpaí.

*Chun tuilleadh eolais a fháil ar imeachtaí agus ar conas d'fhoirm iarratais a struchtúrú, féach ar an gcuid ábhartha de na Ceisteanna Coitianta ar an leathanach Topaicí. Socruithe tuairiscithe agus íocaíochta*

*Socruithe tuairiscithe agus íocaíochta*

Tá na socruithe tuairiscithe agus íocaíochta socraithe sa Chomhaontú Deontais *(Bileog Sonraí, pointe 4 agus Airteagal 21 agus Airteagal 22)*.

Tar éis shíniú an deontais, de ghnáth gheobhaidh tú **réamh-mhaoiniú** chun tús a chur leis an obair ar an tionscadal (go hiondúil cúlchnap de **60%** den uasmhéid deontais; méid níos lú nó gan réamh-mhaoiniú ar chor ar bith i gcásanna eisceachtúla). Íocfar an réamh-mhaoiniú 30 lá ó theacht i bhfeidhm/ráthaíocht airgeadais (más gá) – cibé acu is déanaí.

[17] ls-decision_cerv_en.pdf (europa.eu)

[18] Cinneadh an 30 Meán Fómhair 2022 lena n-údaraítear cnapshuimeanna a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí faoin gClár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna (2021-2027).

**Íocaíocht den iarmhéid:** Ag deireadh an tionscadail, déanfaimid méid do dheontais deiridh a ríomh. Má tá iomlán aon íocaíochtaí a rinneadh roimhe sin níos airde ná méid an deontais deiridh, iarrfaimid ort (do chomhordaitheoir) an difríocht a aisíoc (aisghabháil).

Déanfar gach íocaíocht leis an gcomhordaitheoir.

⚠ Tabhair do d'aire le do thoil go ndéanfar íocaíochtaí a ísliú go huathoibríoch má bhíonn fiacha gan íoc don Aontas Eorpach ag duine de bhaill do cuibhreannais (údarás deontais nó comhlachtaí AE eile). Déanfaimid fiacha den sórt sin a chúiteamh — de réir na gcoinníollacha atá leagtha amach sa Chomhaontú Deontais *(féach airteagal 22)*.

Tabhair faoi deara freisin go bhfuil tú freagrach as taifid a choinneáil maidir leis an obair ar fad atá déanta.

*Ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe*

Má tá ráthaíocht réamh-mhaoinithe de dhíth, sonrófar an ráthaíocht sa Chomhaontú Deontais *(Bileog Sonraí, pointe 4)*. Socrófar an méid le linn ullmhú an deontais agus de ghnáth beidh sé comhionann le nó níos ísle ná réamh-mhaoiniú do dheontais.

Ba cheart go mbeadh an ráthaíocht in euro agus a bheith eisithe ag banc/institiúid airgeadais formheasta atá bunaithe i mBallstát de chuid an Aontais. Má tá tú bunaithe i dtír nach tír den Aontas Eorpach í agus más mian leat ráthaíocht a thabhairt ó bhanc/institiúid airgeadais i do thír féin, déan teagmháil linn (is féidir glacadh leis seo ar bhonn eisceachtúil, má sholáthraíonn sé slándáil choibhéiseach).

NÍ ghlacfar le suimeanna atá blocáilte i gcuntais bhainc mar ráthaíochtaí airgeadais.

Is gnách go n-iarrtar ráthaíochtaí réamh-mhaoinithe ar an gcomhordaitheoir don chuibhreannas. Ní mór iad a sholáthar le linn ullmhúcháin an deontais, in am chun an réamh-mhaoiniú a dhéanamh (cóip scanta tríd an Tairseach AGUS an bhunchóip tríd an bpost).

Má chomhaontaítear sin linn, féadfar ráthaíocht ó thríú páirtí a chur in ionad na ráthaíochta bainc.

Scaoilfear an ráthaíocht ag deireadh an deontais, i gcomhréir leis na coinníollacha atá sonraithe sa Chomhaontú Deontais.

*Deimhnithe*

Ag brath ar an gcineál gníomhaíochta, méid an deontais agus an cineál tairbhithe, b'fhéidir go n-iarrfaí ort deimhnithe difriúla a chur isteach. Socraítear cineálacha, sceidil agus tairseacha gach deimhnithe sa chomhaontú deontais *(Bileog Sonraí, pointe 4 agus Airt. 24)*.

*Córas dliteanais i gcomhair aisghabhálacha*

Socrófar an córas dliteanais le haghaidh aisghabhálacha sa Chomhaontú Deontais *(Bileog Sonraí, pointe 4.4 agus Airt. 22)*.

I gcás tairbhithe, beidh ceann amháin acu seo a leanas i gceist:

- dliteanas teoranta comhpháirteach agus leithleach le huasteorainneacha aonair — *gach tairbhí* suas go dtí uasmhéid an deontais
- dliteanas comhpháirteach agus leithleach neamhchoinníollach — *gach tairbhí suas go dtí uasmhéid an deontais le haghaidh na gníomhaíochta*

nó

- freagracht airgeadais aonair — *gach tairbhí as a bhfiacha féin, agus as na fiacha sin amháin*.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh go n-éileodh an t-údarás deonúcháin dliteanas comhpháirteach agus leithleach na n-eintiteas cleamhnaithe (lena dtairbhí).

*Forálacha maidir le cur chun feidhme an tionscadail*

Rialacha CMI: *féach ar Shamhail-Chomhaontú Deontais (Airt. 16 agus Iarscríbhinn 5):*

- cearta úsáide maidir le torthaí: Tá

Cumarsáid, scaipeadh agus infheictheacht an mhaoinithe: *féach ar Shamhail-Chomhaontú Deontais (Airt. 17 agus Iarscríbhinn 5):*

- gníomhaíochtaí breise cumarsáide agus scaipthe: Tá

*Sainiúlachtaí eile*

neamhbhainteach

*Neamhchomhlíonadh agus sárú conartha*

Déantar foráil sa Chomhaontú Deontais (caibidil 5) maidir leis na bearta is féidir linn a dhéanamh i gcás sárú conartha (agus saincheisteanna eile maidir le neamhchomhlíonadh).

Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait, *féach* *AGA — Comhaontú Deontais Anótáilte*.

## 11. Conas iarratas a chur isteach

Ní mór gach togra a chur isteach go díreach ar líne trí Chóras Leictreonach Aighneachta na Tairsí Maoinithe & Tairiscintí. NÍ ghlactar le hiarratais pháipéir.

Is **próiseas 2 chéim** atá i gceist le hiarratas a chur isteach:

a) **cruthaigh cuntas úsáideora agus cláraigh d'eagraíocht**

Chun an Córas Aighneachta a úsáid (an t-aon bhealach le hiarratas a dhéanamh), ní mór do gach rannpháirtí cuntas úsáideora EULogin a chruthú.

Nuair a bheidh cuntas EULogin agat, is féidir leat d'eagraíocht a chlárú sa Chlár Rannpháirtithe. Nuair a bheidh do chlárú curtha i gcrích agat, gheobhaidh tú cód aitheantais rannpháirtí 9 ndigit (PIC).

b) **an togra a chur isteach**

Rochtain a fháil ar an gCóras Leictreonach Aighneachta tríd an leathanach Topaice sa chuid Cuardaigh Maoiniú & Tairiscintí (nó, i gcás glaonna a sheoltar trí chuireadh chun togra a chur isteach, tríd an nasc atá curtha ar fáil sa litir chuiridh).

Cuir isteach do thogra i 4 chuid, mar seo a leanas:

- Áirítear i gCuid A faisnéis riaracháin faoi na heagraíochtaí is iarratasóirí (an comhordaitheoir a bheidh ann, na tairbhithe, na heintitis chleamhnaithe agus na comhpháirtithe comhlachaithe) agus an buiséad achoimrithe don togra. Líon isteach go díreach ar líne.

- I gCuid B (tuairisc ar an ngníomhaíocht) cumhdaítear ábhar teicniúil an togra. Íoslódáil an teimpléad éigeantach Word ón gCóras Aighneachta, líon isteach agus uaslódáil mar chomhad PDF.
- Cuid C ina bhfuil sonraí breise faoin tionscadal. Le líonadh isteach go díreach ar líne
- Iarscríbhinní (*féach cuid 5*). Uaslódáil iad mar chomhad PDF (singil nó iolrach ag brath ar na sliotáin). Uaireanta is féidir uaslódáil Excel a dhéanamh, ag brath ar an gcineál comhaid.

Ní mór don togra cloí le **teorainneacha na leathanach** *(féach cuid 5)*; tabharfar neamhaird ar leathanaigh bhreise.

Ní mór doiciméid a uaslódáil chuig an **gcatagóir cheart** sa Chóras Aighneachta agus mura ndéanfaí sin, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil an togra neamhiomlán agus, dá bhrí sin, neamh-inghlactha.

Ní mór tograí a chur isteach roimh **spriocdháta an ghlao** (*féach cuid 4*). Tar éis an spriocdháta sin, tá an córas dúnta agus ní féidir tograí a chur isteach a thuilleadh.

A luaithe a bheidh an togra curtha isteach, gheobhaidh tú **ríomhphost deimhnithe** (le dáta agus am déanta d'iarratais). Mura bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe seo, ciallaíonn sé NACH bhfuil do thogra curtha isteach. Má chreideann tú gur locht sa Chóras Aighneachta is cúis leis sin, ba cheart duit gearán a dhéanamh láithreach trí fhoirm ghréasáin na Deisce Cabhrach TF, ina mínítear na cúinsí agus ina gceanglaítear cóip den togra (agus, más féidir, gabhálacha scáileáin chun an méid a tharla a léiriú).

Tá cur síos ar shonraí maidir le próisis agus nósanna imeachta le fáil sa Lámhleabhar ar Líne. Tá naisc le fáil freisin sa Lámhleabhar ar Líne chuig Ceisteanna Coitianta agus chuig treoracha mionsonraithe maidir le Córas Malartaithe Leictreonaí na Tairsí.

## 12. Cabhair

A mhéid is féidir, ***déan iarracht na freagraí a theastaíonn uait féin a aimsiú***, sna doiciméid seo agus sna doiciméid eile (tá acmhainní teoranta againn chun fiosrúcháin dhíreacha a láimhseáil):

- Lámhleabhar Ar Líne
- Ceisteanna Coitianta ar an leathanach Topaice (maidir le ceisteanna a bhaineann go sonrach le glaonna i nglaonna oscailte; ní bhaineann siad le gníomhaíochtaí trí chuireadh)
- Tairseach Ceisteanna Coitianta (le haghaidh ceisteanna ginearálta).

Féach ar an leathanach Topaice go rialta freisin, ós rud é go n-úsáidfimid é chun nuashonruithe glaonna a fhoilsiú. (I gcás cuirí, déanfaimid teagmháil dhíreach leat i gcás nuashonrú glao).

*Teagmháil*

Chun cúnamh a bhaineann leis an nglao seo a fháil, is féidir dul i dteagmháil le Pointe Teagmhála CERV do thíre.

Má tá ceisteanna aonair agat ar Chóras Aighneachta na Tairsí, déan teagmháil leis an Deasc Chabhrach TF.

Ba cheart ceisteanna nach mbaineann le TF a chur chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

EACEA-CERV@ec.europa.eu.

Luaigh go soiléir an tagairt don ghlao agus don topaic lena mbaineann do cheist *(féach ar an leathanach clúdaigh)*.

## 13. Tábhachtach

⚠ **TÁBHACHTACH**

- **Ná fan go dtí an nóiméad deireanach** — Comhlánaigh d'iarratas roimh an spriocdháta chun **fadhbanna teicniúla** ag an nóiméad deireanach a sheachaint. Is ar do phriacal féin atá fadhbanna a bhaineann le haighneachtaí a dhéanamh ag an nóiméad deireanach *(e.g. brú tráchta, etc.)*. NÍ féidir síneadh a chur le spriocdhátaí glaonna.

- **Féach** ar leathanach Topaice na Tairsí go rialta. Bainfimid úsáid as chun nuashonruithe a fhoilsiú agus faisnéis bhreise faoin (nuashonruithe faoin glao agus topaicí) a fhoilsiú.

- **Córas Leictreonach Malartaithe na Tairsí um Maoiniú & Tairiscintí —** Trí iarratas a chur isteach **glacann** le gach rannpháirtí an córas leictreonach malartaithe a úsáid de réir Théarmaí & Coinníollacha na Tairsí.

- **Clárú —** Sula gcuirfear iarratas isteach, ní mór go mbeadh gach tairbhí, eintiteas cleamhnaithe agus comhpháirtí comhlachaithe cláraithe sa Chlár Rannpháirtithe. Tá an cód aitheantais rannpháirtí (PIC) (cód amháin do gach rannpháirtí) éigeantach don Fhoirm Iarratais.

- **Róil chuibhreannais —** Nuair a bhíonn do chuibhreannas á bhunú agat, ba cheart duit smaoineamh ar eagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú leat cuspóirí a bhaint amach agus fadhbanna a réiteach.

- Ba cheart na róil a shannadh de réir an leibhéil rannpháirtíochta sa tionscadal. Ba cheart do na príomh-rannpháirtithe a bheith rannpháirteach mar **thairbhithe** nó mar **eintitis chleamhnaithe**; is féidir le heintitis eile a bheith **rannphairteach** mar chomhpháirtithe comhlachaithe, fochonraitheoirí nó tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil. Ba cheart go n-íocfadh **comhpháirtithe comhlachaithe** agus tríú páirtithe a thugann ranníocaíochtaí comhchineáil a gcostais féin (ní ghlacfar leo mar fhaighteoirí foirmiúla mhaoiniú AE). Ba cheart gur cuid theoranta de ghnáth **an fhochonraitheoireacht** agus ní mór gurb iad tríú páirtithe (seachas ceann de na tairbhithe/eintitis chleamhnaithe) a bheadh freagrach as fochonraitheoireacht. Maidir le fochonraitheoireacht a théann thar 30% de na costais incháilithe iomlána, ní mór údar cuí a bheith leis an bhfochonraitheoireacht san iarratas.

- **Comhordaitheoir —** I ndáil le deontais do roinnt tairbhithe, glacann na tairbhithe páirt mar chuibhreannas (grúpa tairbhithe). Beidh orthu comhordaitheoir a roghnú a thabharfaidh aire do bhainistiú agus do chomhordú an tionscadail agus a dhéanfaidh ionadaíocht thar ceann an chuibhreannais i leith an údaráis deonúcháin. I gcás deontas aontairbhí, is é an tairbhí aonair a bheidh ina chomhordaitheoir go huathoibríoch.

- **Eintitis chleamhnaithe —** Féadfaidh iarratasóirí a bheith rannpháirteach le heintitis chleamhnaithe (i.e. eintitis atá nasctha le tairbhe atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht agus a bhfuil cearta agus oibleagáidí comhchosúla aige leis na tairbhithe, ach nach síníonn siad an deontas agus, dá bhrí sin, nach tairbhithe iad féin iad). Gheobhaidh siad cuid den airgead deontais agus, dá bhrí sin, ní mór dóibh cloí le coinníollacha uile an ghlao agus iad a bhailíochtú (cosúil leis na tairbhithe); ach ní áirítear iad sna híoschritéir incháilitheachta a bhaineann le comhdhéanamh cuibhreannais (más ann dóibh).

- **Comhpháirtithe comhlachaithe —** Féadfaidh iarratasóirí páirt a ghlacadh i dteannta le comhpháirtithe comhlachaithe (i.e. eagraíochtaí comhpháirtíochta atá rannpháirteach sa ghníomhaíocht ach nach bhfuil an ceart acu airgead deontais a fháil). Glacann siad páirt ann gan mhaoiniú agus, dá bhrí sin, ní gá iad a bhailíochtú.

- **Comhaontú cuibhreannais —** Ar chúiseanna praiticiúla agus dlíthiúla, moltar socruithe inmheánacha a bhunú a chuirfidh ar do chumas déileáil le cúinsí eisceachtúla nó cúinsí nach raibh súil leo (i ngach cás, fiú mura bhfuil siad éigeantach faoin gComhaontú Deontais). Ina theannta sin, tugann an comhaontú cuibhreannais deis duit an t-airgead deontais a athdháileadh de réir do chuid prionsabal agus paraiméadar inmheánach cuibhreannais féin (is féidir le tairbhí amháin a airgead deontais a thabhairt do thairbhí eile, mar shampla). Dá réir sin, ceadaíonn an comhaontú cuibhreannais duit an deontas ón Aontas Eorpach a chur in oiriúint do na riachtanais laistigh de do chuibhreannas, agus is féidir leis tú a chosaint i gcás díospóidí freisin.

- **Buiséad comhardaithe tionscadail—** In iarratais deontais, ní mór a áirithiú go mbeidh buiséad tionscadail comhardaithe agus dóthain acmhainní eile ann chun an tionscadal a chur chun feidhme go rathúil *(e.g. ranníocaíochtaí dílse, ioncam arna ghiniúint ag an ngníomhaíocht, ranníocaíochtaí airgeadais ó thríú páirtithe, etc.)*. D'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort do chostais mheasta a ísliú, má tá siad neamh-incháilithe (an iomarca san áireamh).

- **Riail an neamhbhrabúis—** NÍ fhéadfaidh deontais brabús a dhéanamh (i.e. barrachas ioncaim + deontas AE thar chostais). Seiceálfaimid é seo ag deireadh an tionscadail.

- **Ní cheadaítear maoiniú dúbailte —** Tá diantoirmeasc ar mhaoiniú dúbailte ó bhuiséad an Aontais (ach amháin faoi ghníomhaíochtaí Sineirgí AE). Lasmuigh de na gníomhaíochtaí Sineirgí sin, ní fhéadfaidh aon ghníomhaíocht ar leith ach deontas AMHÁIN a fháil ó bhuiséad an Aontais agus NÍ fhéadfar ítimí costais a fháil i gcúinsí ar bith a fhógraítear le haghaidh dhá ghníomhaíocht dhifriúla AE.

- **Tionscadail chríochnaithe/leanúnacha —** Diúltófar do thograí le haghaidh tionscadal atá curtha i gcrích cheana féin; déanfar measúnú ar thograí do thionscadail a bhfuil tús curtha leo cheana féin de réir an cháis (sa chás seo, ní féidir aon chostais a aisíoc le haghaidh gníomhaíochtaí a rinneadh roimh dháta tosaigh an tionscadail/cur isteach an togra).

- **Comhcheangal le deontais oibriúcháin AE —** Ceadaítear comhcheangal le deontais oibriúcháin AE, más rud é go mbíonn an tionscadal i gcónaí lasmuigh de chlár oibre an deontais oibriúcháin agus má áirithíonn tú go bhfuil ítimí costais deighilte go soiléir i do chuntasaíocht agus NACH ndéantar iad a dhearbhú faoi dhó *(féach ar AGA — Comhaontú Deontais Samhla Anótáilte, Airteagal 6.2.E )*.

- **Tograí iolracha —** Is féidir le hiarratasóirí níos mó ná togra amháin a chur isteach le haghaidh tionscadal difriúil faoin nglao céanna (agus maoiniú a dhámhachtain lena n-aghaidh).
  Féadfaidh eagraíochtaí páirt a ghlacadh i roinnt tograí.

  ACH: má tá roinnt tograí ann le haghaidh tionscadal *an-chosúil*, ní ghlacfar ach le hiarratas amháin agus ní dhéanfar ach iarratas amháin a mheas; iarrfar ar na hiarratasóirí ceann díobh a tharraingt siar (nó diúltófar dó).

- **Cur isteach an athuair —** Féadfar tograí a athrú agus a chur isteach an athuair suas go dtí an spriocdháta lena gcur isteach.

- **Diúltú —** Trí iarratas a chur isteach, glacann gach iarratasóir le coinníollacha an ghlao a leagtar amach sa Doiciméad Glao seo (agus na doiciméid dá dtagraíonn sé). **Diúltófar** do thograí nach comhlíonann coinníollacha uile an ghlao. Baineann sé seo le hiarratasóirí freisin: Ní mór do gach iarratasóir na critéir a chomhlíonadh; mura gcomhlíonann ceann acu na critéir, ní mór iarratasóir eile a chur ina n-áit nó diúltófar don togra ina iomláine.

- **Cealú —** D'fhéadfadh sé go mbeadh imthosca ann ina mbeadh sé riachtanach an glao a chealú. Sa chás sin, cuirfear ar an eolas thú trí nuashonrú glao nó topaice. Tabhair do d'aire, le do thoil, go féidir cealuithe a dhéanamh gan teidlíocht do chúiteamh.

- **Teanga —** Is féidir leat do thogra a chur isteach in aon cheann de theangacha oifigiúla AE (ba cheart go mbeadh sliocht/achoimre an tionscadail i mBéarla i gcónaí). Ar mhaithe le héifeachtúlacht, molaimid go láidir duit Béarla a úsáid san iarratas iomlán. Má theastaíonn doiciméid an ghlao uait i dteanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh, iarrtar ort iarratas a chur isteach laistigh de 10 lá tar éis fhoilsiú an ghlao (tá na sonraí teagmhála le fáil i *gcuid 12*).

- **Trédhearcacht —** I gcomhréir le hAirteagal 38 de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh, foilsítear faisnéis gach bliain maidir le deontais AE a dhámhtar ar shuíomh gréasáin Europa.

  Áirítear leis sin:
  - ainmneacha na dtairbhithe
  - seoltaí na dtairbhithe
  - an cuspóir a bhí leis an deontas a dhámhachtain
  - an t-uasmhéid a bronnadh

  Ar bhonn eisceachtúil, is féidir an foilseachán a tharscaoileadh (ar iarratas réasúnaithe agus le bunús cuí), má tá riosca ann go gcuirfí do chearta agus do shaoirsí faoi Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh i mbaol, nó go bhféadfaí dochar a dhéanamh do do leasanna tráchtála dá nochtfaí é.

- **Cosaint sonraí —** Cuimsítear i dtogra a chur isteach faoin nglao seo bailiú, úsáid agus próiseáil sonraí pearsanta. Próiseálfar na sonraí seo i gcomhréir leis an gcreat dlí is infheidhme. Ní phróiseálfar na sonraí ach chun críche do thogra a mheas, do dheontas a bhainistiú ina dhiaidh sin agus, más gá, chun faireachán, meastóireacht agus cumarsáid a bhaineann leis an gclár a dhéanamh. Mínítear na sonraí i Ráiteas Príobháideachais na Tairsí Maoinithe & Tairiscintí.